
Fearghas Mac Lochlainn ar shlí na fírinne




Eochairfhocail: ó dhúchas, umhal, Oireachtas na Samhna, agallaimh bheirte, lúibíní
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cárbh as d'Fhearghas ó dhúchas?
2. Breac síos dhá saghas ruda a scríobh Fearghas i rith a shaoil..
3. Cén ócáid a raibh sé i gceist ag Fearghas a bheith páirteach inti an tseachtain seo?
4. Cé a bhí in éineacht le Fearghas nuair a bhuaigh sé duais ag an Oireachtas sa bhliain 2022?
5. Cén duine cáiliúil i stair na hÉireann sa bhfichiú haois a raibh gaol ag Fearghas leis?
6. Breac síos dhá cheann de na tréithe a luann Éamon Ó Donnachadha a bhí ag a chara Fearghas.
7. Cad is ainm don scoil a raibh Fearghas ina phríomhoide uirthi?
8. Cén lá den tseachtain a mbíodh seisiún filíochta agus amhránaíochta ag Ruairí Mac Con Iomaire le Fearghas sa tigh tábhairne?

Fearghas Mac Lochlainn ar shlí na fírinne



Gníomhaíocht Smaointeoireachta: líon na bearnaí

<u>Spidéal, tógadh, gan, Dlúthchara, bunscoile, comórtas, chuala, bhfeidhm</u>


Fear ildánach a bhí i bhFearghas Mac Lochlainn. Múinteoir _____ a bhí ann a raibh cónaí air sa _____ i nGaillimh lena bhean chéile agus lena iníon. Ba as Baile Átha Cliath ó dhúchas dó agus _____ le Gaeilge é. D'fhreastail sé ar an Oireachtas den chéad uair os cionn daichead bliain ó shin agus chuaigh an t-eispéireas sin i _____ go mór air. Ghlac sé páirt in an-chuid _____ ag an Oireachtas thar na blianta agus bhuaigh sé neart duaiseanna. _____ leis ab ea Éamon Ó Donnachadha as Ráth Chairn agus is é atá go mór faoi bhrón an tseachtain seo ó _____ pobal na Gaeilge an drochscéala gur cailleadh Fearghas agus ____ é ach cúig bliana is trí scór d'aois.

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

Gael go smior a bhí i bhFearghas Mac Lochlainn. Déan taighde ar líne agus breac síos liosta de <u>dheich bhfíric</u> a léiríonn go raibh Fearghas an-tiomanta an Ghaeilge agus an Cultúr Gaelach a chur chun cinn. Tá an chéad phointe déanta mar threoir.

- Tógadh Fearghas Mac Lochlainn le Gaeilge i Raghnallach i mBaile Átha Cliath.

Fearghas Mac Lochlainn ar shlí na fírinne



Freagraí

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Raghnallach i mBaile Átha Cliath.
2. Agallamh beirte, lúibíní, amhrán saothair, amhrán grinn agus saothar do leanaí.
3. Oireachtas na Samhna i gCill Áirne.
4. A iníon, Áine.
5. Pádraic Mac Piarais.
6. Gael,umhal, uiríseal, nár shantaigh cáil ná clú.
7. Scoil Sailearna.
8. Oíche Déardaoin.

Gníomhaíocht Smaointeoireachta: líon na bearnaí

Fear ildánach a bhí i bhFearghas Mac Lochlainn. Múinteoir bunscoile a bhí ann a raibh cónaí air sa Spidéal i nGaillimh lena bhean chéile agus lena iníon. Ba as Baile Átha Cliath ó dhúchas dó agus tógadh le Gaeilge é. D'fhreastail sé ar an Oireachtas den chéad uair os cionn daichead bliain ó shin agus chuaigh an t-eispéireas sin i bhfeidhm go mór air. Ghlac sé páirt in an-chuid comórtas ag an Oireachtas thar na blianta agus bhuaigh sé neart duaiseanna. Dlúthchara leis ab ea Éamon Ó Donnachadha as Ráth Chairn agus is é atá go mór faoi bhrón an tseachtain seo ó chuala pobal na Gaeilge an drochscéala gur cailleadh Fearghas agus gan é ach cúig bliana is trí scór d'aois.